

Oifigeach Forbartha agus Turasóireachta

Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna, Conamara

Tá post ar chonradh mar Oifigeach Forbartha & Turasóireachta, a mhairfidh suas le dhá bhliain, á thairiscint ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach Teo d'iarrthóirí a bhfuil líofacht sa nGaeilge acu. Tá tacaíocht chun an post seo a chruthú curtha ar fáil ag Údarás na Gaeltachta chun Tograí Straitéiseacha Turasóireachta a fhorbairt ar fud na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar lonnaithe i gCarna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Beidh an té a cheapfar páirteach i nGréasán Foghlama freisin a bhaineann le tograí straitéiseacha turasóireachta sa nGaeltacht agus beidh deis freastal ar cúrsa 3ú leibheal mar chuid don sceim.

Duine acmhainneach agus oibrí díograiseach atá ag teastáil. Beidh margaíocht, maoiniú agus bainistiú an Ionad i measc na bhfreagrachtaí. Theastódh scileanna maithe ríomhaireachta agus eolas ar na meáin shóisialta; níor mhór den té a cheapfar a bheith a bheith in ann ábhar poiblíochta agus preasráitis a scríobh i nGaeilge agus i mBéarla. Tabharfar aird ar leith ar scileanna cumarsáide, ar thaithí i gcúrsaí gnó nó pobail agus ar dhuine a bheadh solúbtha ina dhearcadh ar uaireanta oibre. Beidh cumas riaracháin, scileanna oifige agus eagrúcháin riachtanach.

Mar chuid den ról seo beidh an te a cheapfar ag tacú le forbairt an Ionad Miniuchán atá le forbairt ar an suíomh, ionad a bheas bunaithe ar theamaí/scealta an cheantar agus Diaspóra Chonamara agus na Gaeltachta.

Íocfar tuarastal 27,500 euro sa mbliain, maraon le costais a bheidh le socrú, leis an té a cheapfar.

Seoltar iarratas maraon le Curriculum Vitae, roimh 5i.n. Dé hAoine, **15 Márta** 2023 chuig Folúntas, Ionad na nImirceach Teo, Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Tuilleadh eolas ar fáil ó foramcarna@gmail.com